Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2018 (OR. en)**

**14288/18**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0286(COD)**

**CODEC 2009**
**TELECOM 406**
**COMPET 779**
**MI 842**
**CONSOM 320**
**JUSTCIV 279**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC) lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1211/2009 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

**Ráiteas ón bhFionlainn**

Is díol sásaimh don Fhionlainn an comhaontú ar tháinig an Chomhairle agus an Pharlaimint air maidir le Treoir lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach agus Rialachán BEREC. Tacaíonn an Fhionlainn go hiomlán leis an Margadh Aonair Digiteach a chur chun cinn, ar gné riachtanach d'iomaíochas an Aontais é. I gcás na Fionlainne, is é is príomhaidhm leis an bplé an dianrialáil ar sheirbhísí teileachumarsáid faoi láthair a mhaolú agus a thabhairt cothrom le dáta. Tá an Fhionlainn go mór i bhfabhar phríomhchuspóirí an chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT) agus an chláir oibre maidir le rialáil níos fearr, is é sin a áirithiú go ndéanfaidh reachtaíocht AE torthaí do shaoránaigh agus do ghnólachtaí a bhaint amach go héifeachtach, go héifeachtúil agus ar an gcostas is ísle. Is oth linn a thabhairt faoi deara go bhfuil an rialáil ar phraghsanna maidir le glaonna laistigh den Aontas ag teacht salach ar na cuspóirí ginearálta sin, agus ar chuspóirí nuachóirithe agus infheistíochta an chreata rialála. Ar an gcéad dul síos, ní léirítear leis an rialáil ar phraghsanna cur chuige rialála nach ngabhfaidh as dáta, go háirithe ós rud é go gcuirtear an Rialachán i bhfeidhm ar sheirbhísí a bhfuil an úsáid a mbaintear astu ag dul i léig i gcoitinne. Ar an dara dul síos, níl údar le rialáil ar phraghsanna uile-Aontais den sórt sin sa mhargadh ina gcuirtear roghanna éagsúla ar fáil do thomhaltóirí. Tá iomaíocht ag baint le glaonna agus teachtaireachtaí téacs traidisiúnta laistigh den Aontas i gcuid mhaith Ballstát. Ina theannta sin, is mó ná riamh an tóir ar sheirbhísí cumarsáide uimhirbhunaithe idirphearsanta i measc tomhaltóirí, an chumarsáid trasteorann san áireamh chomh maith. Leis an rialáil ar phraghsanna, bheadh athruithe teicniúla, tráchtála agus riaracháin nach beag á bhforchur ar sholáthraithe seirbhíse, ainneoin nach bhfuil léirithe go soiléir an dtéann sé chun tairbhe don tomhaltóir go forleathan. Ar na cúiseanna sin, is ábhar díomá don Fhionlainn an comhaontú rialáil ar phraghsanna maidir le glaonna laistigh den Aontas a áireamh sa chomhréitigh deiridh.